Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

InCAS

Uimhir Ciorcláin:
2009/14

Dáta eisiúna:
30 Méan Fómhair 2009

Spriocghrúpa:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach bunscoil, iar-bhunscoil, iar-bhunscoil ina bhfuil roinn ullmhúcháin agus scoil speisialta dheontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhailre Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Oideachas Imeasctha Thuaisceart Éireann; agus
- Cearchumainn na Múinteoirí.

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Achoimre ar na hÁbhair:
Sa chiorclán seo sonraítear go foirmiúil gurb é modh measúnaithe ríomhbhunaithe InCAS atá le húsáid le measúnú diagnóiseach reachtúil a dhéanamh sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i gcás daltaí i mBlianta 4 go 7 i dtéarma an fhómhair, agus leagtar amach ann na socruithe gaolmhara le torthaí measúnaithe a thuairisciú do thuismitheoirí.

Fiosrúcháin:
Ba chóir fiosrúcháin faoi ábhar an chiorcláin seo a chur chuig:

Julie Craig
Foireann Measúnaithe agus Cáilíochtaí
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
Bóthar Balloo
BEANNCHAR
BT19 7PR

Stádas na nÁbhar:
Comhairle

Doiciméid Ghaolmhara:
Ní bhaineann

Doiciméid Chealaithe:
Ní bhaineann

Dáta Éaga:
Iúil 2010

Suíomh Gréasáin ROTÉ:
http://www.deni.gov.uk

Guth: 028 9127 9565
Facs: 028 9127 9100

Réamheolas

1. Is í feidhm an chiorcláin seo eolas a chur ar fáil do scoileanna ar an uirlis mheasúnaithe dhiagnóiseach, córas Measúnachta Ríomhairithe Idirghníomhach (InCAS), a bheidh á chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Sonráítear go foirmiúil ann chomh maith gurb é InCAS an modh measúnaithe ríomhbhunaithe atá le húsáid ar mhaithe le cuspóirí reachtúla i gcás daltaí i mblianta 4 go 7 le linn théarma an fhómhair agus leagtar amach ann na socrúithe gaolmhara le tuairisciú do thuismitheoirí.

An Riachtanas le Measúnuithe Diagnóiseacha InCAS a Dhéanamh

2. Cuireann Córas Measúnachta Ríomhairithe Idirghníomhach (InCAS) measúnú diagnóiseach ar fáil sa Léitheoireacht agus sa Mhata Ghinearálta agus i measúnuithe gaolmhara roghnacha. Tá InCAS á thabhairt isteach de réir a chéile thar na trí scoilbhliana ó 2007/08 agus is bunchuid é dár n-iarrachtaí comhchoiteanna is leithne le torthaí litearthachta agus uimhearthachta a ardú i gcás gach duine óig. In 2007/08 níor bhain sé ach le daltaí Bhliain 5; in 2008/09 bhí daltaí Bhliain 5 agus Bhliain 6 san áireamh; agus ón scoilbhliain 2009/10 beidh na daltaí i mBlianta 4 go 7 i gceist.

3. Soláthraíonn Ord (TÉ) Oideachais (Socruithe Measúnaithe) (Bonnchéim go hEochairchéim 3) 2007 (Ord 2007) do mheasúnú daltaí i mBlianta 4 go 7 le linn théarma an fhómhair, ag baint úsáide as modh ríomhbhunaithe a sonraíonn an Roinn é. Faoin Ord sin, is é InCAS an modh atá sonraithe ag an Roinn anois le húsáid i scoileanna leis na measúnuithe seo a dhéanamh i dtéarma an fhómhair. De réir an Oird seo chomh maith caithfear torthaí na measúnuithe seo a thaifeadadh agus a thuairisciú do thuismitheoirí an dalta faoi dheireadh an téarma sin. Is féidir cóip d'Ord 2007 a fháil ar: http://www.opsi.gov.uk/sr/sr2007/pdf/nisr_20070045_en.pdf

An Fheidhm atá le Measúnú InCAS

4. Is uirlis dhiagnóiseach measúnaithe é InCAS a ceapadh le cuidiú le scoileanna láidreachtaí daltaí agus na réimsí ina bhfuil deacrachtaí acu a shainaithint. Ba chóir go mbeadh torthaí mheasúnuithe InCAS ina gcuidiú ag múinteoirí, mar sin, a gcuid teagaisc i rith na scoilbhliana a phleanáil le riar ar riachtanais a ndaltaí féin sa seomra ranga. Cuirfidh na measúnuithe eolas ar fáil do scoileanna chomh maith le cuidiú leo monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn gach dalta faoi leith – lena chinntiú go mbainfidh gach dalta a (h)acmhainneacht amach – agus, ar bhonn is ginearálta, le heolas a chur ar fáil ar fhéinmheastóireacht, ar phleanáil forbartha agus ar bheartú spriocanna.

5. **Ní bhaineann measúnuithe InCAS, i dtaca le cuspóir ar bith, le haistriú daltaí ó bhunscoil go hiar-bhunscoil.**

6. Aithníonn an Roinn go bhfuil réimse d'uirlisí measúnaithe ar fáil faoi láthair agus go bhfuil siad in úsáid i scoileanna, tá uirlis measúnaithe matamaitice Alta, mar shampla, ar fáil do gach scoil. Spreagfaimis scoileanna le Alta agus uirlisí measúnaithe eile a úsáid go fóill de bhreis ar InCAS chun tacú lena gcuid oibre torthaí na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht a fheabhsú.

7. Cuirtear torthaí InCAS díreach chuig na scoileanna agus ní bhailítear go lárnach sonraí ar fheidhmíocht dalta ar leith. Mar a bhaineann le gach cineál sonraí, caithfidh scoileanna a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm acu lena gcoinneáil in áit shlán stórais.

Torthaí InCAS á dTuairisciú do Thuismitheoirí

8. Cuirfidh measúnuithe InCAS toradh coibhéis aoise ar fáil sa Léitheoireacht agus toradh coibhéis aoise ar fáil sa Mhata Ghinearálta[1]. Faoi Ord 2007 ní mór do scoileanna na torthaí seo a thuairisciú i scríbhinn do thuismitheoirí

[1] Tá torthaí coibhéis aoise ar fáil chomh maith do mhodúil measúnaithe eile.

agus cruinniú a reáchtáil do thuismitheoirí leis na torthaí a phlé faoi dheireadh théarma an fhómhair.

Scoilbhliain 2009/10

9. I **scoilbhliain 2009/10**, ní mór do scoileanna torthaí coibhéis aoise InCAS don Léitheoireacht agus don Mhata Ghineáralta a chur ar fáil i scríbhinn do thuismitheoirí le linn théarma an fhómhair don scoilbhliain 2009/10 agus, nuair atá siad ar fáil, don scoilbhliain 2008/09. Más mian leo, is féidir le scoileanna torthaí a chur ar fáil don scoilbhliain 2007/08 agus, má iarrann tuismitheoirí torthaí 2007/08, ba chóir an t-eolas seo a chur ar fáil. Baineann na socruithe seo le torthaí na Mata Ginearálta agus le torthaí na Léitheoireachta, seachas torthaí Léitheoireacht Gaeilge, a mbaineann socruithe sonracha léi in 2009/10. (Féach ailt 14 agus 15 anseo thíos.)

10. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh scoileanna eolas ar fáil do thuismitheoirí ar thorthaí InCAS a bpáiste ar mhodh sothuigthe. De bhreis ar thoradh coibhéis aoise a chur ar fáil do thuismitheoirí **i scríbhinn**, taobh le haois chroineolaíoch an dalta, caithfidh scoileanna anois, nuair atá dhá bhliain de thorthaí InCAS ar fáil, an t-eolas seo a chur ar fáil **i bhformáid ghrafach**.

11. Is féidir le córas InCAS eolas ar gach dalta faoi leith a chur ar fáil do scoileanna i raon d'fhormáidí grafacha agus is féidir le scoileanna an ceann is fóirsteanaí leis an eolas a chur in iúl do thuismitheoirí a roghnú.

12. Le linn chruinniú na dtuismitheoirí bíonn deis ag scoileanna torthaí InCAS a chur i gcomhthéacs oideachasúil mar bhonn le láidreachtaí a bpáiste agus le deacrachtaí a bheadh ag an pháiste a mhíniú do thuismitheoirí, chomh maith leis na gníomhartha atá beartaithe ag an scoil le dul i ngleic leo seo. Fágann an cruinniú chomh maith go mbíonn deis ag tuismitheoirí an dóigh ar féidir leo cuidiú le foghlaim a bpáiste a thuiscint.

Scoilbhliain 2010/11

13. Ón **scoilbhliain 2010/11** beidh ar scoileanna, nuair atá eolas ar fáil le haghaidh dhá bhliain nó níos mó, toradh coibhéis aoise a sholáthar i scríbhinn do thuismitheoirí sa Léitheoireacht agus sa Mhata Ghinearálta, taobh le haois chroineolaíoch an dalta, le haghaidh gach bliain atá ar fáil, agus an t-eolas seo a sholáthar i bhformáid ghrafach chomh maith.

Torthaí Léitheoireacht Ghaeilge á dTuairisciú do Thuismitheoirí

14. Tuigeann an Roinn – murab ionann agus measúnuithe eile InCAS, a cuireadh ar fáil ón scoilbhliain 2007/08 – go raibh measúnú Léitheoireacht Ghaeilge InCAS ar fáil den chéad uair ar bhonn trialach sa scoilbhliain 2008/09. Dá réir sin, sa scoilbhliain 2009/10, nuair a chaithfidh Gaelscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta torthaí Léitheoireacht Ghaeilge do 2009/10 a thuairisciú i scríbhinn do thuismitheoirí agus cruinniú a reáchtáil faoi dheireadh théarma an fhómhair, ní chaithfidh siad torthaí Léitheoireacht Ghaeilge do 2008/09 a sholáthar do thuismitheoirí. Má iarrann tuismitheoirí torthaí 2008/09, áfach, ba chóir an
t-eolas seo a sholáthar dóibh i scríbhinn.

15. Chomh maith céanna le tuairisciú thorthaí mheasúnuithe eile InCAS – féach alt 12 thuas – beidh sé tábhachtach go gcuirfidh scoileanna torthaí Léitheoireacht Ghaeilge i gcomhthéacs oideachasúil le haghaidh tuismitheoirí.

16. Ón scoilbhliain 2010/11, beidh na riachtanais tuairiscithe le haghaidh thorthaí mheasúnuithe Léitheoireacht Ghaeilge mar an gcéanna le torthaí mheasúnuithe eile InCAS. (Féach alt 13 thuas.)

Díolúintí

17. Riarann Ord 2007 ar na díolúintí seo a leanas ón riachtanas measúnuithe InCAS a dhéanamh:

(a) dalta ag a bhfuil ráiteas riachtanais speisialta oideachais a rinneadh measúnú air nó uirthi mar dhuine ag a bhfuil deacrachtaí troma foghlama, ní chaithfidh an dalta sin measúnuithe InCAS a dhéanamh;

(b) nuair atá díolúine ag dalta ó aon cheann de na riachtanais ó Ailt 5 go 9 d'Ord Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006 – baineann na hAilt seo leis an churaclam, le scileanna agus le measúnú – de réir Alt 14 (Obair agus turgnaimh forbartha), 15 (Díolúintí de réir rialúchán), 16 (Daltaí ag a bhfuil ráiteas de riachtanais speisialta oideachais) nó 17 (Díolúintí do dhaltaí faoi leith) den Ord sin, ní bhaineann forálacha measúnaithe Ord 2007 i dtaca leis na riachtanais a bhfuil díolúine ag an dalta uathu agus ní dhéanfar measúnú ar an dalta ach i dtaca leis na codanna sin den churaclam nach bhfuil díolúine ag an dalta uathu. Tá cóip d'Ord Oideachais 2006 ar fáil ar http://www.opsi.gov.uk/si/si2006/20061915.htm; agus

(c) ní chaithfidh bunscoil nó aonad Gaelscolaíochta nua measúnuithe InCAS a dhéanamh sa scoilbhiain a aithnítear mar scoil dheontaschúnta í.

Tacaíocht le Measúnuithe InCAS a Riar

18. Ní ionann InCAS agus scrúdú oifigiúil sa dóigh nach gcaithfear é a dhéanamh faoi choinníollacha teiste, m.sh. ní chaithfidh rang /bliainghrúpa iomlán an measúnú a dhéanamh ag an am céanna nó ar an lá céanna. Is féidir é a dhéanamh mar chuid de ghnáthchleachtas seomra ranga ag am ar bith le linn théarma an fhómhair agus caithfidh an scoil féin a chinntiú cad iad na socruithe is fearr a oireann dá múinteoirí agus dá daltaí.

19. Cuireadh ríomhairí glúine agus cluasáin bhreise ar fáil do scoileanna chun cuidiú leis an teagasc agus leis an mheasúnú le linn scoilbhliain 2007/08 agus fuair siad chomh maith gléasanna luiche ríomhaire do ríomhairí glúine agus a thuilleadh cluasán le linn scoilbhliain 2008/09.

20. Chuir CCEA oiliúint ar fáil do mhúinteoirí sna bliainghrúpaí ábhartha ar an dóigh le measúnú InCAS a riar, agus ar an dóigh leis na torthaí a léirmhíniú agus a úsáid mar bhonn don teagasc agus don fhoghlaim**.** Cuireadh ábhair tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí, ábhair atá ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin an churaclaim athbhreithnithe ag: http://www.nicurriculum.org.uk/annual_report/incas/index.asp, chomh maith le heolas agus ábhar tacaíochta breise. Tá deasc chabhrach CCEA ar fáil fosta ar 9026 1274 agus tá deasc chabhrach C2k ar fáil ar 0870 6011 666 le haghaidh ceisteanna crua-earraí, IT agus bogearraí.

BRIAN MORROW
Foireann Measúnaithe agus Cáilíochtaí